




# Straitéisí chun Fadhbanna a Réiteach



**Triail agus  
Feabhsaigh**

**Tarraing  
Léaráid**




**Lorg an  
Patrún**

**Bí ag  
Cleasaíocht leis**





**Tarraing Tábla**

**Simpligh  
an Fhadhb**



**Úsáid  
Cothromóid**

**Oibrigh Siar**



**Scríos  
Féidearthachtaí**

# C

Cosnaíonn peann agus peann luaidhe €5.10. Cosnaíonn an peann €5 níos mó ná an peann luaidhe. Cad a chosnaíonn gach ceann díobh as féin?

## Triail agus Feabhsaigh

Triail 1: €5.00 + €0.10 = €5.10 ach €5.00 - €0.10 = €4.90

Triail 2: €4.95 + €0.15 = €5.10 ach €4.95 - €0.15 = €4.80

Triail 3: €5.05 + €0.05 = €5.10 agus €5.05 - €0.05 = €5.00

Cosnaíonn an peann €5.05 agus cosnaíonn an peann luaidhe €0.05



## Úsáid Cothromóid

$$x + (5 + x) = €5.10$$


$$x + x + 5 = €5.10$$

$$2x + 5 = €5.10$$

$$2x = €0.10$$

$$x = €0.05$$


Cosnaíonn an peann luaidhe €0.05 agus cosnaíonn an peann €5.05



# C

D'infheistigh Liam suim airgid sa bhanc, agus thuill an t-airgead ús 4% sa chéad bhliain (bliain a haon). Chuir sé €1,000 leis an infheistíocht i ndeireadh bhliain a haon, agus thuill an infheistíocht uile ús 3% sa dara bliain (bliain a dó). Suim €6,171.76 a bhí ann i ndeireadh bhliain a dó. Oibrigh amach an méid airgid a d'infheistigh Liam i dtús bhliain a haon.

## Oibrigh Siar



Tosaigh ag an deireadh. Bain an méadú 3% (i mbliain a dó):

$$€6,171.76 \div 1.03\% = €5,992$$

Bain an €1,000 a cuireadh leis:

$$€5,992 - €1,000 = €4,992$$

Bain an méadú 4% (méadú bhliain a haon):

$$€4,992 \div 1.04\% = €4,800$$

## Úsáid Cothromóid

$$(x \times 1.04 + €1000) \times 1.03 = €6171.76$$

$$(1.04x + €1000) \times 1.03 = €6171.76$$


$$1.0712x + 1030 = €6171.76$$

$$1.0712x = €6171.76 - €1030$$

$$1.0712x = €5141.76$$

$$x = \frac{€5141.76}{1.0712}$$



$$x = €4800$$



# C

Má chaitheann tú bonn san aer trí huaire, cé mhéad uair a mbeidh dhá aghaidh agus cruit amháin ann?

## Tarraing Léaráid



Seo na torthaí: CCC, CCA, CAC, ~~CAA~~, ACC, ~~ACA~~, ~~AAC~~, AAA.

Tá 2 aghaidh agus cruit amháin ann trí huaire. Sin trí thoradh.

C

Tá Eoin níos lú ná 60 bliain d'aois. Suimigh digití a aoise, agus is é 9 an tsuim. Luíonn a aois idir dhá uimhir phríomha. Tá a aois ina hiolraí de 6. Cén aois é?

## Scríos cuid de na Féidearthachtaí

Tá a aois inroinnte ar 6, agus níos lú ná 60. Is iad 6, 12, 18, 24, 30, 36, 42, 48, 54 na haoiseanna féideartha.

Tá suim na ndigití cothrom le 9. Ní fhágann sé sin ach 18, 36, agus 54.  
~~6, 12, 18, 24, 30, 36, 42, 48, 54.~~

Luíonn a aois idir dhá uimhir phríomha. Sin 36 agus 54 as an áireamh.

Níl fágtha ach 18.

Tá Eoin ocht mbliana déag (18) d'aois.




# C

Faigh suim na slánuimhreacha uile idir 1 agus 200, an dá uimhir sin san áireamh.

## Lorg an Patrún

Suimigh an chéad uimhir leis an uimhir dheireanach, suimigh an dara huimhir leis an dara huimhir ón deireadh etc, agus feicfidh tú patrún.



$$1+200 = 201$$


$$2+199 = 201$$

$$3+198 = 201$$

$$\vdots \quad \vdots \quad \vdots$$

$$\vdots \quad \vdots \quad \vdots$$

etc.



Tá 200 uimhir ann.

Cuir na huimhreacha ina bpéirí.


Sin 100 péire.

Tá suim gach péire = 201. Tá an t-iomlán =  $201 \times 100 = 20,100$

# C

Tá 7 n-imreoir ag imirt i gcomórtas. Imreoidh gach imreoir in aghaidh gach imreora eile aon uair amháin. Cé mhéad cluiche sa chomórtas?

## Simpligh an Fhadhb



Cás 1: Imríonn an 2ú duine in aghaidh an 1ú duine: 1 chluiche amháin

Cás 2: Imríonn an 3ú duine in aghaidh an 1ú agus an 2ú duine: 2 chluiche

Cás 3: Imríonn an 4ú duine in aghaidh an 1ú, an 2ú agus an 3ú duine: 3 chluiche

Cás 4: Imríonn an 5ú duine in aghaidh an 1ú, an 2ú, an 3ú agus an 4ú duine: 4 chluiche

Líon iomlán na gcluichí do chúigear(5) =  $1+2+3+4 = 10$  gcluiche  
Do sheisear(6), mar sin, bheadh  $10+5 = 15$  chluiche ann,  
agus do sheachtar(7), bheadh  $15+6 = 21$  cluiche ann.

## Tarraing Tábla



1 chluiche

2 chluiche

3 chluiche

4 chluiche

5 chluiche

6 chluiche

	1ú duine	2ú duine	3ú duine	4ú duine	5ú duine	6ú duine	7ú duine
1ú duine		×	×	×	×	×	×
2ú duine	→		×	×	×	×	×
3ú duine	→			×	×	×	×
4ú duine	→				×	×	×
5ú duine	→					×	×
6ú duine	→						×
7ú duine	→						

$$1+2+3+4+5+6=21 \text{ cluiche}$$

An bhfuil aon réiteach eile agat ar an bhfadhb?

# C

## Cé mhéad slí inar féidir pictiúir d'Aingeal, Bairbre agus Colm a chrochadh ar an mballa?

### Bí ag Cleasaíocht leis



Tá trí shlí fhéideartha ann leis an gcéad phictiúr a chrochadh, dhá shlí fhéideartha leis an dara pictiúr a chrochadh, agus slí amháin leis an tríú pictiúr a chrochadh.

$$3 \times 2 \times 1 = 6 \text{ shlí}$$



Aingeal



Bairbre



Colm

1ú slí



Aingeal



Colm



Bairbre

2ú slí



Bairbre



Aingeal



Colm

3ú slí



Bairbre



Colm




Aingeal

4ú slí



Colm



Aingeal



Bairbre


5ú slí



Colm



Bairbre



Aingeal

6ú slí

6 shlí